**MONAGHAN COUNTY**
**MUSEUM**
*Músaem Chontae Mhuineacháin*










# ATHRAÍONN MÚSAEIM SAOLTA

## Músaem Chontae Mhuineacháin Plean Bainistíochta Straitéisí

2026-2030




# FÁILTE

Le déanaí, rinne Músaem Chontae Mhuineacháin ceiliúradh ar an 50 bliain atá caite acu ag freastal ar an bpobal sa Chontae agus i gceantar na teorann máguaird. Anuraidh, cuireadh beocht as an nua sa Mhúsaem nuair a bogadh é chuig foirgneamh nua saintógtha ag an gCampas Síochána i mBaile Mhuineacháin. Bhíothas in ann an tionscadal seo a chur i gcrích a bhuí le tacaíocht ó Chomhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB) tríd an tionscnamh Spásanna Comhroinnte de chuid Shíocháin IV.

Tá lúcháir orainn Plean Bainistíochta Straitéisí Mhúsaem Chontae Mhuineacháin (2025-2030) a fhógairt chun tús a chur leis an gcéim nua iontach seo, ag cur fáilte roimh mhuintir Mhuineacháin agus roimh dhaoine as áiteanna níos faide i gcéin teacht ar thuras athbheochana lena mbainfidh taispeántais nua, scéalta nua, agus fuinneamh nua. Beidh an plean seo mar threoir dúinn sna cúig bliana atá romhainn, agus beidh tionchar aige ar gach a gcuirimid ar fáil ag an Músaem.

Is áiteanna ar leith iad músaeim ina gcuirtear beocht in earraí agus i scéalta, áit a gcruthaítear naisc idir daoine éagsúla agus tréimhsí éagsúla ama. Cé nach féidir linn dul siar sa stair, athchruthaíonn músaeim an stair sin ag múscailt cuimhní, ag spreagadh athmhachnaimh, agus ag spreagadh gnímh. Labhraímid, déanaimid cur agus cúiteamh, foghlaimímid, agus cruthaímid caidrimh lena chéile, le go mbeimid níos feasaí ar ár n-oidhreacht chultúrtha agus orainn féin.

Táimid ag súil go mór le fáilte a chur romhat chuig ár Músaem. Breathnaigh ar d'oidhreacht áitiúil agus ar na bailiúcháin éagsúla atá ar taispeáint againn, déan iad a fhiosrú, agus téigh i dtaithí orthu. Bí linn chun comhrá a dhéanamh, chun ceangail a chruthú, agus chun comhoibriú lena chéile agus an Músaem ag tabhairt aghaidh ar an gcéad 50 bliain eile aige i gContae Mhuineacháin.

**Cllr PJ O'Hanlon**
Cathaoirleach
Comhairle Contae Mhuineacháin

**Robert Burns**
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Contae Mhuineacháin

# CÉN FÁTH A BHFUIL MÚSAEIM TÁBHACHTACH?

## ATHRAÍONN MÚSAEIM SAOLTA!

### IS IAD MÚSAEIM A SPREAGANN ATHRUITHE SÓISIALTA

Is é príomhfheidhm Músaem Chontae Mhuineacháin leas a bhaint as comhoidhreacht phobail an cheantair chun na pobail sin a thabhairt le chéile..

### DÉANANN MÚSAEIM SLÁINTE AGUS FOLLÁINE AN DUINE A FHEABHSÚ

Lenár mórthaispeántas nua 'Bordering Realities', tá spás oiriúnach á chur ar fáil againn d'oideasóirí sóisialta – áit inar féidir le pobail teacht le chéile agus caidrimh nua a chruthú.

### SPREAGANN MÚSAEIM RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS ATHMHACHNAMH CRITICIÚIL

Is léiriú é ár mbailiúchán ar stair chomhroinnte, stair lenar bhain iomaíocht ghéar in amanna. Cuirimid spás sábháilte ar fáil inar féidir le baill ó phobail éagsúla bualadh lena chéile chun a gcuid dearcthaí éagsúla a phlé agus chun díospóireacht a dhéanamh fúthu.

### IS FÉIDIR LE MÚSAEIM DAOINE LEOCHAILEACHA & IMEALLAITHE SA PHOBAL A CHUMASÚ TRÍNA gCUID BAILIÚCHÁN & TAISPEÁNTAS

Bíonn inrochtaineacht ag croílár gach a ndéanaimid sa mhúsaem. Trí na scéalta a insítear inár gcuid bailiúchán, cuirimid comhionannas do chách chun cinn agus oibreoimid le gach uile dhuine sa phobal chun an comhionannas sin a bhaint amach i gcontae Mhuineacháin.

### CRUTHAÍONN MÚSAEIM CEANGAIL & MUINTEARAS IDIR POBAIL

Cuirimid clár bliantúil imeachtaí ar fáil a chruthaíonn deis do dhaoine sa phobal caidrimh nua a chruthú lena gcuid comharsan, ag neartú ceangal, comhthuisceana agus muintearais.

### CRUTHAÍONN MÚSAEIM ÁITEANNA NÍOS FEARR OIBRE & CÓNAITHE

Spreagfaidh ár mbaile nua ar an gCampas Síochána cáiliúil forbairt eacnamaíoch agus shóisialta.

### CUIREANN MÚSAEIM DEISEANNA OIDEACHASÚLA AR FÁIL

Oibrímid le scoileanna, le hinstitiúidí tríú leibhéal agus le foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil chun clár imeachtaí oideachasúla agus taitneamhacha a chur ar fáil bunaithe ar ár gcuid bailiúchán.

### TUGANN MÚSAEIM AGHAIDH AR AN SEICTEACHAS AGUS AR CHEISTEANNA SÓISIALTA

Léiríonn na bailiúcháin agus scéalta atá ar taispeáint i Músaem Chontae Mhuineacháin roinnt mhaith de na traidisiúin éagsúla chultúrtha atá mar chuid de stair an chontae. Bainimid leas as na hearraí agus na scéalta seo chun comhthuiscint, caoinfhulaingt agus meas a chur chun cinn.












# TOSAÍOCHTAÍ ÉIRITHEACHA NÁISIÚNTA & ÁITIÚLA ATÁ LE SONRÚ SA STRAITÉIS SEO

FREAGAIRT DO THOSAÍOCHTAÍ UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE & DO THOSAÍOCHTAÍ INBHUANAITHEACHTA

COMHOIBRIÚ & COMHPHÁIRTÍOCHT

RANNPHÁIRTÍOCHT & OIDEACHAS DO LEANAÍ & DAOINE ÓGA

ROCHTAIN DO CHÁCH

MONAGHAN COUNTY MUSEUM
*Músaem Chontae Mhuineacháin*

GACH ÉAGSÚLACHT A CHUR SAN ÁIREAMH

CRUTHAITHEACHT & NUÁLAÍOCHT A CHUR SAN ÁIREAMH

RANNPHÁIRTÍOCHT & ROCHTAIN SA PHOBAL

TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH A BHARRFHEABHSÚ



MÚSAEM CHONTAE MHUINEACHÁIN | PLEAN BAINISTÍOCHTA STRAITÉISÍ 2026 - 2030

## DÉANANN NA STRAITÉISÍ NÁISIÚNTA AGUS ÁITIÚLA SEO A LEANAS EOLAS DON STRAITÉIS SEO:

- Oidhreacht Éireann 2030
- Plean Straitéiseach Líonra Mhúsaeim na nÚdarás Áitiúil 2022-2026
- An Clár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn 2014
- Plean Straitéiseach Chomhairle Idirnáisiúnta na Músaem 2016-2022
- Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a Chur i bhFeidhm
- Plean Corparáideach Chomhairle Contae Mhuineacháin 2024-2029
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Mhuineacháin 2023-2029
- Plean Forbartha Leabharlanna Chontae Mhuineacháin 2024-2028
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Mhuineacháin 2024-2029
- Straitéis Chruthaitheach agus Chultúrtha Mhuineacháin 2023-2027
- Straitéis Aoisbhách Mhuineacháin 2020-2024
- Straitéis Mhuineacháin um Imeascadh Imirceach 2020-2023
- Plean Straitéiseach Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Chomhairle Contae Mhuineacháin 2020-2025
- Straitéis Turasóireachta Chomhairle Contae Mhuineacháin 2023-2028



# ÁR BHFÍS, ÁR MISEAN & ÁR LUACHANNA

## ÁR BHFÍS

Tá sé mar aidhm ag Músaem Chontae Mhuineacháin spás bríomhar ionchuimsitheach a chur ar fáil inar féidir le gach duine cultúr saibhir an chontae a fhiosrú, ag cothú inspioráide, caidreamh, agus foghlama chun saol na muintire a fheabhsú.

## ÁR MISEAN

Is é an misean atá againn ná éagsúlacht chultúir agus stair ár gceantair a chaomhnú agus a roinnt. Cuirimid beocht san fhéiniúlacht, sna daoine, agus sa cheantar trí na déantáin, na scéalta, na himeachtaí, agus na taispeántais a léirímid sa mhúsaem, ar líne, agus sa phobal. Tá sé mar aidhm againn freastal ar phobail éagsúla agus an chomhthuiscint ar ár gcuid comhoidhreachta a chothú.





## ÁR LUACHANNA

**1. Inrochtaineacht agus Ionchuimsiú**
Tá sé tábhachtach dúinn go mbíonn rochtain chothrom ar na gníomhaíochtaí, ar na dánlanna, ar na hacmhainní, agus ar an gcumarsáid ar fad a bhaineann leis an Músaem agus déanaimid an rochtain chothrom sin a chur chun cinn. Táimid tiomanta d'éagsúlacht agus ionchuimsiú a chothú i ngach a ndéanaimid.

**2. Caomhnú**
Táimid tiomanta do na bailiúcháin atá againn a chaomhnú agus aire a thabhairt dóibh, lena chinntiú go ndéanfar iad a chosaint do na glúnta atá le teacht.

**3. Dírithe ar Dhaoine**
Tá daoine i gcroílár ár misin. Déanaimid ár ndícheall chun meas, cothroime, agus oscailteacht a léiriú i leith gach duine lena n-oibrímid, lena gcomhoibrímid, agus ar a bhfreastalaímid.

**4. Gairmiúlacht**
Cothaímid agus forbraímid gairmiúlacht Mhúsaem Chontae Mhuineacháin trí ardchaighdeáin a choinneáil, trí fhorbairt leanúnach scileanna a dhéanamh, agus trí dhearcadh dearfach a choinneáil i leith gach a ndéanaimid.

**5. Spraoi**
Creidimid gur chóir go mbeadh an spraoi ag croílár gach a ndéanaimid, ionas gur áit spraíúil agus thaitneamhach é ár músaem do chách.

# ÁR DTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

## TOSAÍOCHT 1:
### NEARTÚ

Déanfaimid an Músaem a neartú inár mbaile nua sa Champas Síochána, ag tapú le gach deis a chuireann sé ar fáil dúinn agus ag cur barr feabhais ar inoibritheacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht ár gcleachtas go léir.

## TOSAÍOCHT 3:
### RANNPHÁIRTÍOCHT

Déanaimid gach iarracht freastal ar dhaoine éagsúla sa phobal, agus ar réimse leathan cuairteoirí agus páirtithe leasmhara, ag roinnt ábharthacht, bhuntáistí, spraoi, agus dhraíocht an Mhúsaeim, agus a chuid gníomhaíochtaí, bailiúchán, agus imeachtaí leo.

## TOSAÍOCHT 2:
### CLÁRSCEIDEALÚ

Cuirfimid réimse leathan gníomhaíochtaí, imeachtaí, agus taispeántas ar fáil a thabharfaidh daoine a bhfuil féiniúlachtaí saibhre agus éagsúla acu le chéile, saibhreas agus éagsúlacht a léireofar i mbailiúcháin an Mhúsaeim.

## TOSAÍOCHT 4:
### CLEACHTAIS GHAIRMIÚLA

Leanfaimid orainn ag cloí leis na caighdeáin is airde do mhúsaeim, agus ag forbairt na gcaighdeán sin, lena chinntiú go mbeidh Músaem Chontae Mhuineacháin mar cheannaire in earnáil na músaem in Éirinn i gcónaí.









## TOSAÍOCHT 1:
### NEARTÚ

**1 Socraigh isteach sa Champas Síochána**

- Uasmhéadaigh sineirgí sa Champas Síochána
- Cuir feabhas ar thaispeántais & ar dhánlanna
- Neartaigh tionchar an Mhúsaeim laistigh d'Fhoirgneamh an Champais Síochána
- Cuir le tionchar an Mhúsaeim ar fhearann an Champais Síochána

**2 Déan luach an Mhúsaeim a thomhas**

- Déan luach rannpháirteach an Mhúsaeim a thomhas ag baint leas as modheolaíochtaí éagsúla, Toradh Sóisialta ar Infheistíocht (SROI) san áireamh

**3 Déan Inrochtaineacht agus Ionchuimsiú a Bharrfheabhsú**

- Déan dearadh ionchuimsitheach a bharrfheabhsú
- Comhairliúchán ionchuimsitheach leis an bpobal

## TOSAÍOCHT 2:
### CLÁRSCEIDEALÚ

**1 Forbair clársceidealú agus imeachtaí atá nuálach, spéisiúil agus ionchuimsitheach**

- Cuir clársceidealú Síochána ar fáil
- Cuir le clársceidealú cultúrtha
- Tabhair faoi chomhchruthú pobail
- Cuir le rannpháirtíocht trí thaispeántais shealadacha

**2 Fiosraigh deiseanna comhoibrithe agus comhpháirtíochta a chuireann le luach an Mhúsaeim**

- Cuir le tionscnaimh chomhoibrithe
- Fiosraigh deiseanna malartacha maoinithe

**3 Tacaigh le Gníomhú ar son na hAeráide agus leis an Inbhuanaitheacht**

- Bain leas as bailiúcháin an Mhúsaeim chun tacú le tionscnaimh agus clársceidealú um ghníomhú ar son na haeráide
- Déan cleachtais inbhuanaitheachta a leabú

## TOSAÍOCHT 3:
## RANNPHÁIRTÍOCHT

**1** Bain tairbhe as deiseanna margaíochta agus cumarsáide agus as cleachtais mhargaíochta agus chumarsáide

- Déan feiceálacht agus fógraíocht an Mhúsaeim a fheabhsú

**2** Méadaigh Rannphháirtíocht sa Phobal

- Forbair eispéiris idirghníomhacha sa Mhúsaem
- Méadaigh rannpháirtíocht na n-óg
- Méadaigh for-rochtain phobail

**3** Cruthaigh deiseanna don oideachas

- Rannpháirtíocht le Scoileanna
- Fiosraigh coincheap na Músaem Spraíúil
- Cuir fáilte roimh an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus déan í a chur chun cinn

## TOSAÍOCHT 4:
## CLEACHTAS GAIRMIÚIL

**1** Forbair Caighdeáin an Mhúsaeim i gcónaí

- Bain Creidiúnú Chlár Chaighdeáin Mhúsaeim na hÉireann amach don Mhúsaem nua
- Cuir Músaem Mhuineacháin chun cinn mar cheannaire san earnáil

**2** Na Cleachtais is airde bainistíochta agus barrfheabhsaithe a choinneáil i gcónaí i leith bhailiúcháin an Mhúsaeim

- Caomhnú an Bhailiúcháin
- Úsáid Bailiúchán an Mhúsaeim mar acmhainn i gcomhair smaointe nua
- Leag amach Straitéis Dhigiteach an Mhúsaeim
- Comhoibrigh le Cartlannaí an Chontae

**3** Forbair acmhainneacht agus cumas foirne

- Lorg Aitheantas Gairmiúil d'Fhoireann an Mhúsaeim
- Fostaigh an Líon Cuí Foirne agus Forbair Róil Éagsúla
- Forbair Scileanna na Foirne

















1974
2024


Mr. B's
Retro
Bar




C. HALL MEMORIAL
MONAGHAN
PIPE BAND
MARCHING BANDS





# ÁR DTIOMANTAS DO DHUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ

Le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ('an Dualgas'), cuirtear ceangal reachtúil ar chomhlachtaí poiblí 'deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta na ndaoine sin dá gcuireann siad seirbhísí agus baill foirne ar fáil a chosaint agus iad ag tabhairt faoina gcuid obair laethúil.'

Tá Músaem Chontae Mhuineacháin tiomanta do na hoibleagáidí faoin Dualgas a chomhlíonadh agus an plean straitéiseach seo á chur i bhfeidhm aige, agus tá sé tiomanta dá gcomhlíonadh mar chuid d'obair laethúil an Mhúsaeim. Tá sé tábhachtach dúinn nach bhféachaimid ar an Dualgas mar oibleagáid amháin ach go mbeidh sé mar ghné riachtanach d'fhéiniúlacht agus de chleachtas ár músaeim.

## IS IAD SEO A LEANAS NA PRÍOMHCHÉIMEANNA A GHLACFAIMID CHUN AIRD A THABHAIRT AR ÁR N-OIBLEAGÁIDÍ FAOIN DUALGAS AGUS MUID AG CUR AN PHLEAN STRAITÉISIGH SEO I BHFEIDHM:

### OILIÚINT AGUS ACMHAINN FOIRNE A FHORBAIRT

- Beidh ar gach ball foirne sa Mhúsaem cúrsa ríomhfhoghlama IHREC, " Comhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Phoiblí", a chur i gcrích
- Eagróimid ceardlanna oiliúna do gach ball foirne agus do gach ball coiste maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine lena chinntiú go dtuigeann gach duine an Dualgas.

### FORBAIRT BEARTAS & CLÁR AGUS CINNTEOIREACHT

- Sula dtabharfar chun críche aon bheartas, straitéis, imeacht nó taispeántas nua nó leasaithe agus sula dtabharfar chun críche aon tionscadal suntasach de chuid an Mhúsaeim, déanfaimid measúnú tionchair maidir le comhion-annas agus cearta an duine lena chinntiú nach mbeidh tionchar díobhálach ag an mbeartas ar aon bhall den tsochaí atá cosanta faoin Dualgas.

### RANNPHÁIRTÍOCHT SA PHOBAL AGUS COMHAIRLIÚCHÁN POBAIL

- Cuirfimid córas comhairliúcháin leanúnach agus ionchuimsitheach ar bun i gcomhar le grúpaí pobail, eagraíochtaí abhcóideachta agus comhaltaí Tofa a dhéanann ionadaíocht do ghrúpaí a chosnaítear faoin Dualgas agus atá faoi ghannionadaíocht i ngníomhaíochtaí an Mhúsaeim.
- Úsáidfimid an próiseas rannpháirtíochta chun aon tionchar a fhéadfaidh a bheith ag beartas nó seirbhís a shainaithint, agus chun dul i ngleic leis an tionchar sin, lena chinntiú go sainaithneofar agus go rachfar i ngleic le haon saincheist a bhaineann le comhionannas nó cearta an duine agus atá ábhartha don Mhúsaem.

### DEA-CHLEACHTAS A PHRÍOMHSHRUTHÚ

Déanfaimid iniúchadh rialta ar inrochtaineacht fhisiciúil (rampaí, ardaitheoirí, athruithe ar leagan amach an Mhúsaeim) agus ar inrochtaineacht dhigiteach (suíomh gréasáin, scáileáin tadhaill) ar fud sheirbhísí agus chláir an Mhúsaeim. Déanfaimid cinnte go mbeidh ár gcuid imeachtaí, clár agus taispeántas ion-chuimsitheach, inrochtana agus ábhartha ó thaobh cultúir de, gach eolas fógraíochta san áireamh, le go gcuirfear fáilte roimh dhaoine a bhfuil startha agus dearcthaí éagsúla acu.


DOWN


BARRY


THE PROJECT CHILDREN STORIES
A LEGACY OF PEACE LIVES ON IN MONAGHAN
COUNTY




CUSTAIM
STAD
CUSTOMS
STOP
PLATFORM
THE DONAL MCENROE COLLECTION





MONAGHAN COUNTY
MUSEUM
*Músaem Chontae Mhuineacháin*

Monaghan County Museum, Monaghan Peace Campus
North Road, Monaghan Town , H18 RP20
**Phone :** (047) 82928 **Email:** comuseum@monaghancoco.ie
**Web:** monaghan.ie/museum
(Admission free)